An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Naíscoil na gCrann
# An Ómaigh

# Dáta na Cigireachta: Meán Fómhair 2008

**AN DARA CIGIREACHT LEANTACH AR NAÍSCOIL NA GCRANN, AN ÓMAIGH, CO THÍR EOGHAIN, BT79 0GZ (2AB-0529)**

Sa chigireacht a lean ón chigireacht ar Naíscoil na gCrann, an Ómaigh i Márta 2008 tugadh aird ar leith ar na nithe seo a leanas: láidreachtaí an cheannaire dhíograisigh; an caidreamh lán carthanachta agus cúnaimh a bhí idir an fhoireann agus na páistí, na deiseanna foghlama idir shásúil agus mhaith i mbunús réimsí an chláir réamhscolaíochta agus an dóigh a raibh tuiscint na bpáistí ar a Ghaeilge ag méadú. Aimsíodh inti an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas a ndearnadh tuairisciú orthu sa chéad chigireacht i Mí na Samhna 2006:

- na modhanna pleanála agus measúnaithe sa dóigh go gcuirfear béim níos soiléire ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus lena chinntiú go mbeidh ceangal éifeachtach idir pleanáil agus dul chun cinn na bpáistí; agus

- athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na páistí sin a aimsíodh a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

**San idirlinn, ó bhí an chéad chigireacht leantach ann, tharla an t-athrú seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- ní hionann an fhoireann uile anois agus a bhíodh; ceapadh beirt bhall foirne nua ar na mallaibh;

- fuarthas maoiniú mór le háit an-mhaith súgartha a dhéanamh amuigh faoin spéir; agus

- fuarthas acmhainní breise don seomra súgartha agus cuireann sin feabhas ar an soláthar ginearálta le haghaidh súgartha.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) an dara cigireacht leantach ar 30 Meán Fómhair 2008.

Níl an t-ionad réamhscolaíochta ach i ndiaidh tús a chur le plean forbartha a dhéanamh. Is é Príomhoide Ghaelscoil na gCrann, atá in aice láimhe, an cathaoirleach agus tugann sé treoir agus cúnamh, agus pleanáil forbartha á déanamh don soláthar.

Tá an fhoireann i ndiaidh modhanna pleanála agus measúnaithe a fhorbairt, naisc a chruthú idir an t-ionad agus gníomhaireachtaí seachtracha, agus, mar a tuairiscíodh sa chigireacht leantach roimhe seo, caitheadh maoiniú mór ar acmhainní ardchaighdeáin go háirithe san áit amuigh faoin spéir. Is léir ón fhianaise a fuarthas ón dara cigireacht leantach go bhfuil dul chun cinn mór déanta agus iad ag tabhairt faoi na réimsí a aimsíodh sa chéad chigireacht agus a raibh beart le déanamh fúthu. Rinneadh freastal ar na príomhréimsí seo a leanas:

- tá an fhoireann i ndiaidh comhairle, treoir agus cúnamh ón saineolaí oideachais luath-óige a chur i bhfeidhm le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna pleanála agus measúnaithe sa dóigh go gcuirfear béim níos soiléire ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus lena chinntiú go mbeidh ceangal éifeachtach idir pleanáil agus dul chun cinn na bpáistí;

- oibríonn an fhoireann go maith le chéile mar mheitheal; déanann siad luacháil níos fearr ar an dóigh a mbíonn na páistí ag freagairt do na gníomhaíochtaí súgartha a chuirtear ar fáil agus dá bhrí sin is éifeachtaí a dhéantar freastal ar riachtanais na bpáistí aonair; agus

- tá an taithí a fuair an ceannaire agus í ag cuidiú leis na páistí sin a aimsíodh agus sainriachtanais acu ag dul i gcion go dearfach ar chaighdeán an oideachais a sholáthraítear do na páistí go léir.

Ó rinneadh an chigireacht tá luacháil déanta ag an ionad réamhscolaíochta ar an dul chun cinn atá déanta sna réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú sa bhunchigireacht. Molann an Chigireacht go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na próisis a úsáidtear le haghaidh féinmheastóireachta chun go ndíreofar go láidir orthu mar ghléas le feabhsúcháin a thabhairt i gcrích.

Tá dul chun cinn mór déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Tá freastal maith á dhéanamh ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bpáistí. Féadfaidh na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne muinín a bheith acu as a éifeachtaí a d'fhreagair an t-ionad réamhscolaíochta do chinntí na gcigireachtaí agus as an chumas atá ann cloí le féinfheabhsú buan.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk